

# LIG DON GHAOTH SÉIDEADH



Malgosia Bartosik . Philippa Nuttall Jones . Zam Zadeh






Cuimhneofar ar 2019 mar bhliain inar tháinig athrú, nuair a chuaigh páistí ar stailc le héileamh ar dhaoine fásta gníomh a dhéanamh chun stop a chur le hathrú aeráide.

Comhrá idir beirt mháthair (tacadóir gaoithe Polannach agus iriseoir ón mBreatain) agus ealaíontóir cumasach óg Iarínach a spreag an greannán seo, a insíonn scéal faoin mbealach a chuideoidh foinsí fuinnimh in-athnuaite cosúil le gaoth linn domhan níos glaine, sláintiúla a dhéanamh do gach duine.





I 2019 chuaigh páistí ar fud na cruinne ar stailc. Ní toisc nár thaitin a gcuid múinteoirí leo, ach le rá leis na daoine fásta a bhí i gcumhacht gníomh a dhéanamh chun stop a chur le hathrú aeráide. Thóg siad am amach ón scoil ag éileamh dlíthe a chosnódh an Domhan agus a thugfadh todhchaí ghlan dóibh.



Ach, céard go díreach é athrú aeráide agus cén fáth go bhfuil sé chomh tábhachtach stop a chur leis?

Le freagra a fháil ar seo, caithfidh muid dul siar sa stair...

200 bliain ó shin bhí cónaí ar fhormhór na ndaoine faoin tuath.



Ansin tháinig an Réabhlóid Thionsclaíoch.

Bhí borradh faoi mhonarchana agus chuaigh

daoine chun

cónaí sna cathracha.

Theastaigh líon ollmhór fuinnimh ó na monarchana seo, agus ansin ó bhailte, carranna agus eitleáin.

Nuair a úsáideann muid meaisíní le táirgí a chruthú, seachas a bheith ag obair  
le lámh ar fheirmeacha, go hiondúil...


Bíonn tuilleadh fostaíochta ann.



Saothraíonn daoine níos mó airgid, is féidir leo níos mó bia a  
cheannach, agus bíonn saolta níos faide agus sláintiúla acu.



Bíonn sé níos fusa taisteal mar gheall ar eitleáin agus carranna.





Ach le formhór de seo a dhéanamh  
caithfear breosla iontaise ar nós ola,  
gual agus gás a dhó. Mar a deir an t-ainm,  
tagann siad seo as iontaisí - ainmhithe  
agus plandaí a bhí brúite síos sa  
talamh leis na céadta  
milliúin bliana.

Nuair a dhóitear breoslaí iontaise,  
scaoileann siad gás ceaptha teasa  
ar nós dé-ocsaíd charbóin\*.

Gás ceaptha teasa eile é meatán\*,  
a thagann ó fheirmeacha móra le líon  
mór ainmhithe, go háirithe eallaigh,  
ag scaoileadh bromanna  
agus brúchtanna.


\*dé-ocsaíd charbóin  $\text{CO}_2$

\*meatán  $\text{CH}_4$



Cruthaíonn na gáis seo pluid dofheicthe timpeall ar an Domhan agus coinníonn siad teas na gréine istigh. Ar nós teach gloine.

Go hiondúil chruthódh seo timpeallacht deas le conaí ann. Ach tá an pluid tar éis éirí ró-thiubh, agus tá ró-théamh agus athrú aeráide ag tárlú dá bharr.



Cheana féin, tá an Domhan téite 1°C  
ó tógadh na monarchana is tuisce.

Ní mórán é sin, cheapfá. Ach ar an gcaoi chéanna  
a airíonn tú tinn agus fiabhrasach nuair a ardaíonn  
do theocht de bheagán, níl rudaí ag feidhmiú  
ró-mhaith ar an Domhan.



Tá adhaimsir ar nós tuillte agus tonnta teasa ag éirí níos coitianta.  
Tá ainmhithe agus plandaí ag fulaingt agus ag dul in éag de réir mar atá a gcuid  
gnáthóga á athrú agus idiú.



Agus tá daoine ag éirí tinn agus ag fáil bháis mar gheall ar thruailliú aeir ó mhonarchana agus carranna.



Is féidir linn uile gníomh a dhéanamh.



Sábhálann sé fuinneamh nuair a mhúchaimid soilse agus déantar níos lú dé-osaíid charbóin.



Bíonn níos lú truailliú nuair a shiúlann nó rothaíonn muid, nó nuair a thógaimid bus nó traein seachas taisteal i gcarr nó eitleán.

Dá n-íosfaimis níos lú feola bheadh níos lú meatáin.





Ach ní leor seo. Is í an fhoinse is mó gáis  
ceaptha teasa ná dó breosla iontaise le  
fuinneamh a ghineadh.



Tá géarghá dúinn athrú go foinsí  
glana fuinnimh ar nós grian agus  
gaoth seachas breosla iontaise.



Tá daoine ag baint úsáid as fuinneamh na gaoithe leis na cianta. Is dócha gurb í an úsáid is luaithe ná báid a sheol trasna lochanna agus farraigí.



Tógadh na muilté gaoithe is túsce timpeall 2000 bliain ó shin le huisce a iompar agus plúr a mheilt.



Ag deireadh na 19ú haoise thóg eolaithe, meitéareolaí ón Danmhairg darbh ainm Poul la Cour ina measc, na turbíní gaoithe is túsce chun leictreachas a ghineadh.

Faoin mbliain 1918 bhí os cionn 120 turbín gaoithe ag gineadh leictreachas sa Danmhairg. Ach níor thaispeáin innealtóirí sa Danmhairg an chéad turbín gaoithe trí-lannach dúinn go dtí 1978, rud a spreag na cinn atá in úsáid sa lá atá inniu ann.



## Ach, cén chaoi a n-oibríonn tuirbín gaoithe?




Ní raibh na tuirbiní gaoithe is  
túisce mórán níos mó ná a gcuid  
gaolta ón 19ú haois.

Ach tá cinn an lae inniu i bhfad níos airde,  
níos moille, níos láidre agus níos fearr agus  
tá siad le fáil ar thalamh agus ar muir.

Is féidir le casadh amháin de na  
tuirbiní is mó ar domhan an méid  
céanna fuinnimh a ghineadh a  
úsáideann do theach in aghaidh an lae.

Faoín mbliain 2025 beidh roinnt  
tuirbiní níos airde ná an Túr Eiffel  
i bPáras (gach ceann acu sin níos  
troime ná 100 eilifint!).





Cheana féin tá os cionn 130,000 tuirbín gaoithe ag cuidiú le fuinneamh na hEorpa a sholáthar. In éineacht le painéil ghréine, carranna leictreacha agus athrú nósanna chun fuinneamh a chaomhnú agus truailliú a laghdú, tá fuinneamh gaoithe ag cruthú todhchaí níos glaine, sláintiúla dúinn go léir.



**Le tacaíocht ó:**

**Wind<sup>o</sup>**  
**EUROPE**

[windeurope.org](http://windeurope.org)





[www.letthewindblow.org](http://www.letthewindblow.org)

Aistrithe ag:



Bernice Doyle  
Brendán Ó hÉanacháin  
Cormac O'Dubhthaigh  
Vinseann Ó Faodhagáin  
Peadar Ó Caomhánaigh